An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Treoirlínte do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

An nuashonrú is déanaí: an 14 Meitheamh 2017

An nuashonrú is déanaí: an 14 Meitheamh 2017

Tá an treoirdhoiciméad seo faoi réir athbhreithniú agus nuashonrú tréimhsiúil. Féach suíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas ag www.charitiesregulator.ie chun teacht ar an leagan is déanaí den doiciméad seo.

Clár Ábhar

Maidir leis an Rialálaí Carthanas 5

Réamhrá 6

1. Ioncam

1.1.1 Ioncam (lena n-áirítear airgead tirim agus seiceanna) a fhaightear tríd an bpost nó trí mhodhanna eile seachadta 8

1.1.2. Ioncam ó bhailiúcháin phoiblí 10

1.1.3. Ioncam ó imeachtaí 11

1.1.4. Ioncam trádáilbhunaithe 12

1.1.5. Ioncam deontais 13

1.1.6. Bronntanais agus Tabhartais 14

1.1.7. Ioncam Eile 14

1.1.8. Ioncam a Aithint agus a Thuairisciú 15

2. Caiteachas

2.1.1. Caiteachas ginearálta (Ceannach agus Íocaíochtaí) 17

2.1.2. Pá agus Tuarastail 18

2.1.3. Speansais Taistil agus Chothaithe 20

2.1.4. Íocaíochtaí Cárta Dochair/Cárta Creidmheasa 22

3. Baincéireacht (lena n-áirítear íocaíochtaí agus iasachtaí)

3.1.1. Baincéireacht agus Airgead Tirim 23

3.1.2. Íocaíochtaí Seic 25

3.1.3. Dochair Dhíreacha, Buanorduithe agus íocaíochtaí uathoibrithe 26

3.1.4. Íocaíochtaí Airgid Thirim (más ann dóibh) 27

3.1.5. Nósanna imeachta baincéireachta agus íocaíochta: Cistí srianta nó dearlaice 28

3.1.6. Iasachtaí 29

4. Sócmhainní agus Infheistíochtaí

4.1.1. Sócmhainní Seasta 30

4.1.2. Stoc 32

4.1.3. Infheistíochtaí 32

5. Socruithe faireacháin

Socruithe faireacháin 33

6. Tagairtí Breise 35

CÓRAS
RIALAITHE/
FAIREACHÁIN

TAIFID A
CHOINNEÁIL
AGUS A
CHOTHABHÁIL



LEITHSCARADH
DUALGAS

CALAOIS A
CHOSC AGUS A
BHRATH

SÓCMHAINNÍ
A CHOSAINT

RÓL A
SHAINIÚ/
BEARTAIS A
DHOICIMÉADÚ

Maidir leis an Rialálaí Carthanas

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Carthanas ('an Rialálaí Carthanas') i mí Dheireadh Fómhair 2014 mar údarás reachtúil neamhspleách de chuid na hÉireann le haghaidh eagraíochtaí carthanúla a rialáil agus a chosaint. Is iad seo a leanas na feidhmeanna ginearálta atá aige faoin Acht Carthanas 2009 ('an tAcht'):

- **iontaoibh agus muinín** an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú;
- **comhlíonadh** a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla;
- **úsáid éifeachtach maoine** iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn;
- **cuntasacht** eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú;
- tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun **leas an phobail** a bheidh aidhmeanna carthanúla;
- **clár d'eagraíochtaí carthanúla** a bhunú agus a chothabháil;
- **comhlíonadh** an Achta ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna;
- **imscrúduithe** a dhéanamh de réir an Achta;
- **feabhas ar riaradh agus bainistiú** eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú);
- cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé **faisnéis** (lena náirítear faisnéis staidrimh) **a fhoilsiú** a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis;
- **faisnéis** (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó **comhairle a sholáthar** don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

Réamhrá

Tá na Treoirlínte seo á n-eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Tá an Rialálaí Carthanas ag súil leis go mbeidh rialuithe cuí inmheánacha airgeadais i bhfeidhm ag iontaobhaithe carthanais, ar rialuithe iad lena dtugtar cosaint do cháil a gcarthanais agus lena spreagtar iontaoibh agus muinín an phobail as a gcarthanas.

Is é is aidhm don doiciméad seo tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe ar charthanais bheaga agus mheánmhéide maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh dá gcarthanas. Cé go bhféadfadh go mbeadh na treoirlínte seo ábhartha do charthanais mhóra freisin, d'fhéadfadh gur ghá d'iontaobhaithe comhairle ghairmiúil ar rialuithe cuí a lorg i réimsí lena ngabhann castacht mhéadaithe. Mar shampla, níl sé i gceist go bpléifear go sonrach sa treoir seo leis na nithe seo a leanas: carthanais atá ag obair ar bhonn idirnáisiúnta; gníomhaíochtaí cúnaimh nó craobhacha thar lear; cuspóirí inbhuanaitheachta (lena n-áirítear bainistíocht cúlchistí); drochúsáid airgeadais (lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid); agus na ceanglais dhlíthiúla agus na ceanglais eile is infheidhme maidir le tuairisciú agus le cuntasaíocht carthanais.

Toisc go bhfuil iontaobhaithe freagrach as an gcóras foriomlán rialaithe airgeadais, is fúthusan atá sé a chinneadh cé na rialuithe atá oiriúnach dá gcarthanas ó thaobh méide, scála agus castachta de. D'fhéadfadh go gcinnfeadh na hiontaobhaithe na cúraimí sin a tharmligean chuig iontaobhaithe sonracha (a ghníomhóidh thar a gceann) nó chuig baill foirne eile. Cibé cur chuige a ghlactar, is ar na hiontaobhaithe atá an fhreagracht chomhchoiteann deiridh agus ba cheart dóibh rialuithe airgeadais a dhearadh agus a chur chun feidhme ionas go mbeidh siad i gcomhréir le gníomhaíochtaí an charthanais. Áirítear leis sin breithniú cuí a dhéanamh ar aon choinníollacha nó ar aon cheanglais atá leagtha amach laistigh de chomhaontuithe sonracha maoiniúcháin deontais.

Tá an Rialálaí Carthanas ag súil leis go mbeidh iontaobhaithe carthanais in ann an cur chuige a ghlacann siad i leith rialuithe inmheánacha airgeadais a mhíniú i gcás go bhfuil aon imeacht ann ón dea-chleachtas atá leagtha amach sna treoirlínte seo agus go mbeidh siad in ann údar a thabhairt le haon imeacht den sórt sin.

Cabhraíonn gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh airgeadais le hiontaobhaithe carthanais na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- sócmhainní an charthanais a chosaint;
- gnóthaí airgeadais an charthanais a riar ar bhealach ina ndéantar rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú go réamhghníomhach;
- gníomhaíocht chalaoiseach fhéideartha a chosc agus a bhrath; agus
- faireachán a dhéanamh ar thuairisciú airgeadais, agus gníomh a dhéanamh ina leith, trína chinntiú go gcoinnítear leabhair chuntais chuí ionas gur féidir faisnéis airgeadais thráthúil ábhartha a fháil.

Is amhlaidh, mar gheall ar a gcineál, go laghdaíonn rialuithe inmheánacha airgeadais an riosca caillteanais. Ní chuireann siad deireadh leis an riosca sin, áfach. D'fhéadfadh caillteanas teacht as earráid dhaonna nó córais, as sárú ar rialuithe, as gadaíocht agus calaois agus as teagmhais eile. Mar sin féin, cabhraíonn rialuithe inmheánacha le hiontaobhaithe an riosca a bhaineann le teagmhais den sórt sin a chosc agus/nó a bhrath ar bhealach níos tráthúla. Ba cheart rialuithe inmheánacha airgeadais a dhearadh agus a chur chun feidhme freisin chun cabhrú leis an luach is fearr is féidir ar airgead a bhaint amach don charthanas.

Áirítear iad seo a leanas le samplaí praiticiúla de rialuithe inmheánacha airgeadais:

- beartais agus nósanna imeachta airgeadais a dhoiciméadú;
- róil agus freagrachtaí a shainiú go soiléir;
- leithscaradh dualgas;
- idirbhearta a réiteach;
- ordlathais cheadaithe;
- tuairisciú airgeadais; agus
- an rian iniúchóireachta a chothabháil agus a thuairisciú.

Tá an treoir roinnte ina cúig rannán mar seo a leanas:

- Ioncam
- Caiteachas
- Baincéireacht (lena n-áirítear íocaíochtaí agus iasachtaí)
- Sócmhainní agus infheistíochtaí
- Socruithe faireacháin

Tá ceisteanna tábhachtacha rialaithe ann i ngach rannán. Is é is aidhm do na ceisteanna sin iontaobhaithe agus bainisteoirí carthanais a threorú maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais den dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh dá gcarthanas.

1 Ioncam

1.1. Cé na rialuithe ba cheart a bheith i bhfeidhm le haghaidh ioncaim?

Tríd is tríd, gnóthaíonn carthanais a n-ioncam ó ghníomhaíochtaí cruinnithe airgid, ó mhaoiniú deontais, ó "ghníomhaíochtaí trádála" (mar shampla, siopaí carthanais), ó thabhartais, ó leagáidí agus ó ioncam eile. Beag beann ar an gcineál ioncaim nó ar an bhfoinse ioncaim atá i gceist, ba cheart dearbhú a chur ar fáil leis na rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm le haghaidh ioncaim gurb amhlaidh, maidir leis an ioncam ar fad a fhaightear:

- go gcoinnítear é in áit shlán;
- go ndéantar é a chomhaireamh agus a réiteach go cruinn;
- go gcuirtear é sa bhanc ar bhealach tráthúil;
- go dtaifeadtar é go cruinn i gcóras cuntasaíochta an charthanais; agus
- go seiceáiltear é go rialta chun a chinntiú go mbíonn taifid chuntasaíochta á gcothabháil go cruinn.

Is é is aidhm do na ceisteanna tábhachtacha rialaithe thíos iontaobhaithe agus bainisteoirí carthanais a threorú maidir le rialuithe bainistíochta ioncaim den dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh dá gcarthanas. I gcás go dtugtar laigí faoi deara, ba cheart d'iontaobhaithe agus do bhainisteoirí an charthanais iarracht a dhéanamh a rialuithe inmheánacha airgeadais a threisiú chun iad a chur ar chomhréim leis an dea-chleachtas agus le ceanglais dhlíthiúla (mar shampla, oibleagáidí dlíthiúla nó socruithe maoiniúcháin deontais).

1.1.1. Ioncam (lena n-áirítear airgead tirim agus seiceanna) a fhaightear tríd an bpost nó trí mhodhanna eile seachadta

Ioncam a fhaightear tríd an bpost nó trí mhodhanna eile seachadta	Tá / Níl/ N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann na hiontaobhaithe nósanna imeachta bainistíochta ioncaim a dhoiciméadú, a chur in iúl agus a cheadú go leordhóthanach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar leithscaradh dualgas?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas litreacha nó seachadtaí neamhoscailte in áit shlán?		

Ioncam a fhaightear tríd an bpost nó trí mhodhanna eile seachadta	Tá / Níl/ N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
c) An bhfuil sé amhlaidh go n-osclaítear litreacha nó seachadtaí isteach i láthair beirte?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceanna agus airgead tirim isteach a thaifeadadh láithreach, lena n-áirítear iad a thaifeadadh de réir dáta, maoinitheora/ deontóra (i gcás gurb eol) agus luacha?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go n-eisítear admhálacha i leith an airgid thirim/na seiceanna ar fad a fhaightear (i.e. i gcás gurb eol)?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear airgead tirim agus seiceanna isteach sa bhanc ar bhealach pras?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear cistí sa bhanc gan speansais a asbhaint?		
h) Nuair is féidir, an bhfuil sé amhlaidh go n-athraítear na baill foirne a bhíonn ag gabháil d'airgead tirim agus do sheiceanna a fháil agus a thaifeadadh?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar réiteach neamhspleách rialta chun a chinntiú go mbíonn taifid maidir le hioncam airgid thirim agus le seiceanna ag teacht leis na leabhair lóisteála bainc agus leis na ráitis bhainc?		
j) An bhfuil sé amhlaidh go mbíonn seiceálacha á ndéanamh ag duine eile seachas an duine a rinne an iontráil sna taifid chuntasaíochta?		
k) An bhfuil árachas leordhóthanach ag an gcarthanas lena gclúdaítear a bhfuil in aon taisceadán nó in aon bhosca airgid thirim a choinnítear in áitreabh an charthanais agus le linn an t-airgead tirim a bheith faoi bhealach?		
l) An bhfuil socruithe slána i bhfeidhm le haghaidh eochairchó(i)d nó có(i)d rochtana do thaisceadán nó do bhoscaí airgid thirim ina gcoinnítear airgead tirim nó seiceanna go sealadach san áitreabh thar oíche?		

1.1.2. Ioncam ó bhailiúcháin phoiblí

Bailiúcháin phoiblí	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar bailiúcháin phoiblí i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla, lena n-áirítear na ceadanna riachtanacha a fháil?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go bhfuil uimhreacha aonair ann ar bhoscaí bailiúcháin agus go dtaifeadtar sonraí faoin duine ar eisíodh an bosca chuige?		
c) An bhfuil gach bosca bailiúcháin daingnithe le glais nó le séalaí slándála chun gur féidir a fheiceáil go soiléir cé acu a osclaíodh nó nár osclaíodh an bosca sular tugadh ar ais é?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go mbíonn na baill foirne atá freagrach as eochair na mboscaí a choimeád scartha ó na baill foirne a shanntar chun tabhartais a bhailiú?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar bailiúcháin a chomhaireamh i láthair an bhailitheora agus go dtugtar admháil dó ina dhiaidh sin? I gcás mórimeachtaí bailiúcháin, an bhfuil sé amhlaidh go ngabhann beirt neamhghaolmhara don ioncam a chomhaireamh agus a thaifeadadh?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear airgead tirim sa bhanc a luaithe is féidir gan speansais a asbhaint?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar réiteach neamhspleách rialta chun a chinntiú go mbíonn taifid maidir le hioncam bailiúcháin phoiblí ag teacht leis na leabhair lóisteála bainc agus leis na ráitis bhainc?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go n-oibríonn an carthanas le cruinnitheoirí gairmiúla le haghaidh gníomhaíochtaí bailiúcháin? Má tá, an bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear comhaontuithe/conarthaí i bhfeidhm ina leagtar amach go soiléir oibleagáidí an charthanais agus oibleagáidí an chruinnitheora ghairmiúil airgid araon?		

1.1.3. Ioncam ó imeachtaí

Imeachtaí, lena n-áirítear ioncam ó thicéid	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas máistirsceideal nó taifead imeachtaí, lena n-áirítear sonraí faoi dháta an imeachta, faoi theideal an imeachta, faoi phraghsáil (i gcás imeachtaí dá raibh ticéad ag teastáil), faoin tsuim a bailíodh nó a fuarthas (i gcás imeachtaí dá raibh ticéad ag teastáil), faoin tsuim iomlán a lóisteáladh, faoi dháta na lóisteála agus faoi uimhir thagartha na lóisteála?		
b) An bhfuil gach ticéad imeachta réamhuimhrithe?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear taifid mhionsonraithe ar gach duine ar leithdháileadh ticéid orthu lena ndíol agus ar na huimhreacha ticéid a leithdháileadh ar na daoine sin?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear taifid ar na ticéid a díoladh agus orthu sin nár díoladh?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go n-eisítear admhálacha i leith gach airgid a thugtar ar ais?		
f) An bhfuil leithscaradh leordhóthanach dualgas i bhfeidhm le haghaidh ticéid a eisiúint, airgead a tugadh ar ais a chomhaireamh, ticéid a tugadh ar ais a thaifeadadh, agus airgead a fuarthas a thaifeadadh agus a lóisteáil?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar réiteach neamhspleách idir taifid ticéid, airgead a tugadh ar ais agus airgead a lóisteáladh do gach imeacht aonair?		

1.1.4. Ioncam trádáilbhunaithe

Ioncam trádála (trádáil chun cuspóirí an charthanais a chur ar aghaidh nó trádáil neamhcharthanúil):	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil beartas praghsála i bhfeidhm ag an gcarthanas le haghaidh earraí agus seirbhísí a sholáthraítear?		
b) An bhfuil nósanna imeachta sonrascaithe i bhfeidhm ag an gcarthanas le haghaidh earraí agus seirbhísí a sholáthraítear?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann an carthanas athbhreithniú ar fhiachais atá amuigh agus ar nósanna imeachta bailiúcháin?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go bhfaigheann an carthanas ioncam trádála ó earraí a dhíol trí shiopa carthanais?		
e) An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun admhálacha airgid thirim agus díolphointe leictreonaigh a réiteach le taifid scipéid (amhail léamha "Z" agus tuairiscí eile a tháirgtear leis an scipéad/leis an gcóras díolphointe leictreonaigh)?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar réiteach ioncaim ag deireadh sheal na ndaoine sin a bhí ag gabháil d'ioncam a fháil?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar iomláin laethúla ioncaim a réiteach agus a lóisteáil sa bhanc ar bhonn tráthúil?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go n-eisítear cúlchnapanna chuig daoine/fostaithe a oibríonn ar scipéid agus go síníonn an t-eisitheoir agus an fostaí araon na cúlchnapanna sin isteach agus amach?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar imscrúdú ar aon neamhréireachtaí idir an t-airgead tirim iarbhír ar láimh agus an t-airgead tirim atá ann de réir thaifid an scipéid agus go bhfaightear agus go dtaifeadtar míniúcháin leordhóthanacha ina leith?		
j) Nuair is infheidhme, an bhfuil sé amhlaidh go bhfuil an carthanas cláraithe do cháin bhreisluacha (CBL) i leith ioncam trádála agus go gcuirtear tuairisceáin rialta CBL faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim chun a chinntiú go gcomhlíonann an carthanas a oibleagáidí cánach?[1]		

1 Chun tuilleadh treorach a fháil, féach http://www.revenue.ie/en/tax-professionals/tdm/value-added-tax/part02-accountable-persons/vat-and-charities/accountable-persons-charities.pdf

1.1.5. Ioncam deontais

Seicliosta maidir le Deontaithe	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas máistirthaifead ar dheontais a fhaightear (lena n-áirítear sonraí faoin maoinitheoir, faoi shuim iomlán an deontais, faoi uainiú na n-íocaíochtaí, faoin dáta a fuarthas an deontas/a bheidh an deontas iníoctha, agus faoin gcuntas bainc a úsáideadh chun an t-ioncam deontais a fháil)?		
b) An bhfuil comhaontuithe deontais, a bhfuil téarmaí agus coinníollacha an mhaoiniúcháin leagtha amach iontu, sínithe ag an gcarthanas agus ag an maoinitheoir araon?		
c) An bhfuil socruithe baincéireachta ar bun chun a chinntiú go mbíonn fáil an ioncaim so-shainaitheanta agus go mbíonn sí ag teacht leis na socruithe maoiniúcháin atá leagtha amach?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar an t-ioncam deontais ar fad a rangú go cuí sa chóras cuntasaíochta (agus i gcomhréir le haon choinníollacha atá leagtha amach laistigh de shocruithe maoiniúcháin) ionas gur féidir tuairisc chuí a thabhairt air ag deireadh na bliana?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar réiteach neamhspleách idir taifid maidir le hioncam deontais, an t-ioncam deontais a fuarthas agus na leabhair lóisteála bainc agus na ráitis bhainc?		

1.1.6. Bronntanais agus Tabhartais

Scéim Tabhartas Carthanúil	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go mbaineann an carthanas an leas is mó is féidir as an bhfaoiseamh cánach is incheadaithe ar thabhartais?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go bhfaightear na 'Deimhnithe Seasmhacha (Deimhnithe CHY3)' nó na 'Deimhnithe Bliantúla (Deimhnithe CHY4)' is infheidhme ó na deontóirí?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha rialta chun a chinntiú go bhfaightear gach aisíocaíocht cánach incháilithe?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas taifid ar na haisíocaíochtaí cánach incháilithe a éilíodh?		

1.1.7. Ioncam Eile

Ioncam Eile	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas máistirthaifead ar ioncam eile a fhaightear (lena n-áirítear sonraí faoi fhoinse an ioncaim, faoi shuim iomlán an ioncaim, faoi uainiú na n-íocaíochtaí, faoin dáta a fuarthas an t-ioncam/a bheidh an t-ioncam iníoctha, agus faoin gcuntas bainc a úsáideadh chun an t-ioncam eile a fháil)?		
b) An bhfuil socruithe baincéireachta ar bun chun a chinntiú go mbíonn fáil an ioncaim eile so-shainaitheanta agus go mbíonn sí ag teacht leis na socruithe maoiniúcháin atá leagtha amach?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar an t-ioncam eile ar fad a rangú go cuí sa chóras cuntasaíochta (agus i gcomhréir le haon choinníollacha atá leagtha amach laistigh de shocruithe maoiniúcháin) ionas gur féidir tuairisc chuí a thabhairt air ag deireadh na bliana?		
d) An bhfuil aon chomhaontuithe i scríbhinn i bhfeidhm ag an gcarthanas le maoinitheoirí, ar comhaontuithe iad ina mionsonraítear cineál agus cuspóir an ioncaim eile agus atá sínithe ag an gcarthanas agus ag an maoinitheoir araon?		

Ioncam Eile	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
e) An bhfuil sé amhlaidh go sainaithníonn an carthanas fáil an ioncaim mhóir leagáide agus go ndéanann sé faireachán air chun a chinntiú go gcuirtear ioncam den sórt sin ar áireamh i gceart sna cuntais?		

1.1.8. Ioncam a Aithint agus a Thuairisciú

Ioncam a Aithint – Ráiteas faoi Chleachtas Molta	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go sainaithníonn an carthanas ioncam agus go dtugann sé tuairisc air ar aon dul lena bheartas luaite um ioncam a aithint agus le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo (lena n-áirítear tuairisciú airgeadais den dea-chleachtas, cibé áit a nglactar é)[2]?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go sainaithníonn an carthanas ioncam neamhshrianta, ioncam srianta agus ioncam ainmnithe, agus go ndéanann sé idirdhealú eatarthu agus go dtugann sé tuairisc orthu, ar bhealach leordhóthanach chun é a chumasú tuairisc leordhóthanach a thabhairt ar ioncam agus ar chúlchistí araon?		

2 Ráiteas Carthanais faoi Chleachtas Molta

2 Caiteachas

2.1. Cé na rialuithe ba cheart a bheith i bhfeidhm le haghaidh caiteachais?

Ba cheart na dearbhuithe seo a leanas a chur ar fáil leis na rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm le haghaidh caiteachais -

- dearbhú go n-údaraítear an caiteachas ar fad agus gur speansas bailí de chuid an charthanais é;
- dearbhú go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí a ordaíodh;
- dearbhú go n-íoctar caiteachas ó chistí laistigh de bhuiséid cheadaithe;
- dearbhú go ndéantar íocaíochtaí ar leibhéil cheadaithe údaraithe; agus
- dearbhú gurb amhlaidh, maidir leis an gcaiteachas ar fad –
  - go mbíonn doiciméid dhóthanacha ag gabháil leis chun an caiteachas a fhíorú;
  - go dtaifeadtar é go cruinn i gcóras cuntasaíochta an charthanais; agus
  - go seiceáiltear é go rialta chun a chinntiú go mbíonn taifid chuntasaíochta á gcothabháil go cruinn.

Is é is aidhm do na ceisteanna tábhachtacha rialaithe thíos iontaobhaithe agus bainisteoirí carthanais a threorú maidir le rialuithe bainistíochta caiteachais den dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh dá gcarthanas.

I gcás go dtugtar laigí faoi deara, ba cheart d'iontaobhaithe agus do bhainisteoirí an charthanais iarracht a dhéanamh a rialuithe inmheánacha airgeadais a threisiú chun iad a chur ar chomhréim le haon cheanglais dhlíthiúla atá ann agus leis an treoir dea-chleachtais.

2.1.1. Caiteachas ginearálta (Ceannach agus Íocaíochtaí)

Caiteachas (Ceannach agus Íocaíochtaí)	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann na hiontaobhaithe nósanna imeachta ceannaigh agus íocaíochta a dhoiciméadú, a chur in iúl agus a cheadú go leordhóthanach (lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar leithscaradh dualgas ó cheann ceann)?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar breithniú leordhóthanach ar phrionsabail luach ar airgead (mar shampla, luachana a fháil agus nósanna imeachta tairisceana) sna nósanna imeachta ceannaigh (nó sna beartais cheannaigh)?		
c) An bhfuil aon teorainneacha ceadaithe i bhfeidhm le haghaidh luachanna áirithe caiteachais?		
d) An bhfuil aon chóras orduithe ceannaigh i bhfeidhm?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear dátstampa ar shonraisc cheannaigh nuair a fhaightear iad?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go seiceáiltear sonraisc cheannaigh chun a chruinne atá siad a mheas, lena n-áirítear iad a chur i gcomparáid le horduithe bunaidh (agus, nuair is infheidhme, le taifid ar na hearraí a fuarthas)?		
g) A luaithe a cheadaítear na sonraisc, an bhfuil sé amhlaidh go marcálann an sealbhóir buiséid nó duine freagrach iad mar shonraisc cheadaithe agus go mbreactar iad faoin gcód iomchuí sa mhórleabhar ainmniúil?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go n-ullmhaítear babhtaí íocaíochta ar bhonn sceidealta agus go mbíonn siad faoi réir athbhreithniú agus údarú neamhspleách?		
i) An bhfuil beirt sínitheoirí ag teastáil chun gach íocaíocht sonraisc a cheadú?		
j) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha rialta chun a chinntiú nach mbíonn aon neamhréireachtaí ann idir na híocaíochtaí a rinneadh agus an sonrasc bunaidh nó na taifid íocaíochta?		
k) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha rialta chun a chinntiú go mbíonn taifid chaiteachais cruinn agus go mbíonn siad ag teacht leis na ráitis bhainc?		

Caiteachas (Ceannach agus Íocaíochtaí)	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
l) An bhfuil sé amhlaidh go mbíonn seiceálacha á ndéanamh ag duine eile seachas an duine a rinne an iontráil sna taifid chuntasaíochta?		
m) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar réiteach rialta ar íocaíochtaí le soláthraithe?		
n) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar faireachán rialta ar bhuiséid agus ar chaiteachas iarbhír agus go ndéantar gníomh leantach cuí i leith aon difríochtaí ábhartha eatarthu?		
o) An bhfuil sé amhlaidh go nochtar go leordhóthanach sna cuntais reachtúla sonraí faoi chaiteachas (lena n-áirítear aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara a nochtadh), i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo?		

2.1.2. Pá agus Tuarastail

Pá agus Tuarastail	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann na hiontaobhaithe nósanna imeachta párolla a dhoiciméadú, a chur in iúl agus a cheadú go leordhóthanach (lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar leithscaradh dualgas ó cheann ceann)?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar leibhéil tuarastail a údarú agus a thaifeadadh i gceart?		
c) An bhfuil conarthaí fostaíochta i bhfeidhm do gach duine aonair a phróiseáiltear ar párolla an charthanais?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear taifid phearsanra do gach duine aonair a phróiseáiltear ar párolla an charthanais? An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear na taifid sin ar leithligh ó thaifid phá?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go mbaineann an carthanas úsáid as pacáiste bogearraí chun a párolla a phróiseáil?		

Pá agus Tuarastail	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
f) An bhfuil córas údaraithe i bhfeidhm le haghaidh tosaitheoirí agus fágálaithe a thaifeadadh agus fógra a thabhairt dóibh agus le haghaidh athruithe ar phá comhlán nó aon athruithe eile párolla a thaifeadadh (lena n-áirítear aon asbhaintí nó aon socruithe pinsin)?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar asbhaintí cánach reachtúla (ÍMAT, an Muirear Sóisialta Uilíoch, agus ÁSPC) ó phá agus ó thuarastail agus go gcuirtear iad ar aghaidh go rialta chuig na Coimisinéirí Ioncaim?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha neamhspleácha ar an bpróiseáil párolla ar fad, lena n-áirítear tuairiscí párolla?		
i) An bhfuil aon leithscaradh dualgas ann idir ullmhaitheoir an párolla agus an duine a údaraíonn íoc an párolla?		
j) An bhfuil beirt sínitheoirí ag teastáil chun íoc an párolla a cheadú?		
k) An bhfuil sé amhlaidh go soláthraítear duillíní pá ar bhealach slán do gach fostaí a bhíonn ag fáil pá/ tuarastail?		
l) An bhfuil sé amhlaidh go gcomhlánaítear na tuairisceáin deireadh bliana agus go gcomhdaítear iad leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhealach tráthúil?		
m) An bhfuil sé amhlaidh go nochtar go leordhóthanach sna cuntais reachtúla sonraí faoi phá agus faoi thuarastail (lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar aon íocaíochtaí le páirtithe gaolmhara agus/nó ar aon sochair eile), i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo?		
n) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha chun a chinntiú go mbíonn aon íocaíochtaí den sórt sin i gcomhréir le bunreacht an charthanais agus/ nó le coinníollacha an stádais inchánach?		

2.1.3. Speansais Taistil agus Chothaithe

	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil beartas i scríbhinn i bhfeidhm ag an gcarthanas, ar beartas é atá ceadaithe ag na hiontaobhaithe agus lena gclúdaítear na híosmhíreanna seo a leanas: - Cé atá i dteideal speansais a éileamh; - Cé na speansais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe lena n-íoc; - An tréimhse nach mór speansais a chur isteach lena linn; - Aon rátaí nó teorainneacha le híocaíochtaí, mar shampla liúntais chothaithe nó rátaí míleáiste; - An nós imeachta le haghaidh éilimh speansais a chur isteach, lena n-áirítear ceanglais maidir le foirmeacha éilimh caighdeánaithe a úsáid; - Cé na doiciméid tacaíochta, mar shampla admhálacha, a theastaíonn chun éilimh speansais a chuirtear isteach a bhailíochtú; - Aon cheanglais maidir le hárachas, mar shampla mótarárachas; - Leibhéil údaraithe; - Modhanna íocaíochta, gan úsáid aon íocaíochtaí airgid thirim a áireamh; - Freagracht as éilimh a phróiseáil agus cé na taifid nach mór a choinneáil; - Cé chomh minic agus a dhéantar athbhreithniú ar an mbeartas.		
b) An bhfuil sé amhlaidh go dtugtar eolas faoin mbeartas do gach duine de na hiontaobhaithe, na baill foirne agus na hoibrithe deonacha?		
c) An bhfuil sé amhlaidh gur ar bhonn rialta a athraíonn an carthanas an beartas chun dáta agus a cheadaíonn na hiontaobhaithe é?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go dtabhaítear costais taistil agus chothaithe ar aon dul le caiteachas buiséadaithe agus go mbíonn siad faoi réir réamhcheadú, nuair is gá?		

	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
e) An bhfuil sé amhlaidh nach n-aisíoctar speansais ach i gcás gur thabhaigh an duine aonair an speansas le linn dó gnó an charthanais a chomhlíonadh?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go n-úsáideann an carthanas foirmeacha éilimh speansais caighdeánaithe ina dtaifeadtar[3] na nithe seo a leanas: - Ainm agus seoladh an stiúrthóra nó an fhostaí; - Dáta an turais/an speansais; - An chúis leis an turas/an speansas; - An tsuim a éilíodh; - Na ciliméadair lena mbaineann; - Pointe imeachta, ceann scríbe agus pointe críochnaithe an turais; - An bonn le haisíoc na speansas taistil agus cothaithe, mar shampla i gcás nach mór d'oibrí fanacht thar oíche ó bhaile **Tabhair faoi deara:** *ní mór gach taifead a choinneáil ar feadh sé bliana tar éis dheireadh na bliana cánach lena mbaineann na taifid.*		
g) I gcás go n-aisíoctar speansais iarbhír, an bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas na hadmhálacha go léir?		
h) I gcás go n-íocann an carthanas rátaí míleáiste agus cothaithe i leith taistil, an bhfuil na rátaí ag teacht leis na rátaí atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go n-áirítear leis an éileamh speansais féindearbhú á rá gur cruinn atá an t-éileamh agus gur tabhaíodh é agus gnó an charthanais á chomhlíonadh?		
j) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha neamhspleácha agus ceadú ar gach éileamh speansais, lena n-áirítear aon speansais a thabhaíonn an Príomhfheidhmeannach agus/nó iontaobhaithe?		
k) An bhfuil beirt sínitheoirí ag teastáil chun gach íocaíocht den sórt sin a cheadú?		

3 Féach http://www.revenue.ie/en/employing-people/employee-expenses/travel-and-subsistence/index.aspx le haghaidh tuilleadh treorach.

2.1.4. Íocaíochtaí Cárta Dochair/Cárta Creidmheasa

Íocaíochtaí Cárta Dochair/Cárta Creidmheasa	Tá / Níl / N/B	Nóta Trách ta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil cártaí dochair/cártaí creidmheasa in úsáid ag an gcarthanas?		
b) An bhfuil beartas i bhfeidhm ag an gcarthanas le haghaidh cártaí íocaíochta a úsáid, lena n-áirítear critéir a bhaineann le heisiúint na gcártaí, le teorainneacha caithimh agus le slándáil?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go dtugann an carthanas eolas faoin mbeartas maidir le cártaí a úsáid do gach iontaobhaí agus ball foirne a úsáideann na cártaí sin?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go gcealaítear cártaí i gcás go scoireann an sealbhóir d'obair don charthanas?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go dtabhaítear costais taistil agus chothaithe ar aon dul le caiteachas buiséadaithe agus go mbíonn siad faoi réir réamhcheadú, nuair is gá?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go dtacaítear leis an gcaiteachas cárta ar fad le dearbháin agus le sonraisc agus go dtaifeadtar an caiteachas sin sna taifid chuntasaíochta gach uair a úsáidtear an cárta?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go seoltar ráitis chárta chuig an rannóg fhreagrach sa charthanas agus go seiceáiltear iad go neamhspleách in aghaidh taifid tacaíochta agus sonraisc thacaíochta?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar faireachán agus tuairisciú airgeadais leordhóthanach ar an gcaiteachas a thabhaítear trí bhíthin cártaí dochair/ creidmheasa?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar athbhreithniú neamhspleách ar bhonn tréimhsiúil ar úsáid an chárta ag an sealbhóir cárta chun a dheimhniú go mbíonn sé á úsáid i gcomhréir leis an mbeartas?		

3 Baincéireacht

(lena n-áirítear íocaíochtaí agus iasachtaí)

3.1. Cé na rialuithe ba cheart a bheith i bhfeidhm le haghaidh baincéireachta (lena n-áirítear íocaíochtaí agus iasachtaí)?

Ba cheart na dearbhuithe seo a leanas a chur ar fáil leis na rialuithe inmheánacha airgeadais le haghaidh baincéireachta:

- dearbhú gur slán atá cuntais bhainc agus airgead tirim;
- dearbhú gur faoi árachas atá airgead tirim faoi bhealach;
- dearbhú go ndéantar cuntais bhainc agus airgead tirim a chomhaireamh agus a réiteach go cruinn;
- dearbhú go ndéantar cuntais bhainc agus airgead tirim a thaifeadadh go cruinn i gcóras cuntasaíochta an charthanais; agus
- dearbhú nach n-úsáidtear cuntais bhainc agus airgead tirim ach le haghaidh chuspóir sonraithe an charthanais.

Is é is aidhm do na ceisteanna tábhachtacha rialaithe thíos iontaobhaithe agus bainisteoirí carthanais a threorú maidir le rialuithe baincéireachta den dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh dá gcarthanas.

I gcás go dtugtar laigí faoi deara, ba cheart d'iontaobhaithe agus do bhainisteoirí an charthanais iarracht a dhéanamh a rialuithe inmheánacha airgeadais a threisiú chun iad a chur ar chomhréim le haon cheanglais dhlíthiúla atá ann agus leis an treoir dea-chleachtais.

3.1.1. Baincéireacht agus Airgead Tirim

Rialuithe ar Bhaincéireacht agus Airgead Tirim	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann na hiontaobhaithe nósanna imeachta bainc agus airgid thirim a dhoiciméadú, a chur in iúl agus a cheadú go leordhóthanach (lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar leithscaradh dualgas ó cheann ceann)?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go luaitear go soiléir sna nósanna imeachta cé atá údaraithe chun cuntais bhainc a oscailt nó a dhúnadh thar ceann an charthanais?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar treoracha chun cuntais a oscailt nó a dhúnadh a údarú agus a thuairisciú go cuí d'iontaobhaithe?		

Rialuithe ar Bhaincéireacht agus Airgead Tirim	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
d) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha chun a chinntiú nach bhfuil aon chuntais dhíomhaoine ann?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar faireachán ar na cuntais chun a chinntiú nach bhfuil siad á n-úsáid ag aon tríú páirtí?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann na hiontaobhaithe athbhreithniú rialta ar chostais, sochair agus rioscaí a gcuntas reatha agus a gcuntas taisce?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear fáltais isteach sa bhanc go pras?		
h) An bhfuil sé amhlaidh gur i dtaisceadán/i mbosca airgid thirim a choimeádtar an t-airgead tirim a choinnítear ar an láithreán in áitreabh an charthanais?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go n-eagraítear an t-airgead tirim ar fad sa taisceadán de réir ainmníochta, go séalaítear go cuí é agus go scríobhtar an tsuim ar gach beart?		
j) An bhfuil árachas ag an gcarthanas lena gclúdaítear a bhfuil sa taisceadán nó sa bhosca airgid thirim agus an t-airgead tirim le linn é a thabhairt chuig an mbanc?		
k) An bhfuil sé amhlaidh go réitíonn comhaireamh an airgid thirim iomláin leis an iomlán atá taifeadta sa leabhar airgid, sa leabhar cúnta airgid thirim agus i gclár na staide laethúla airgid thirim?		
l) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear cistí sa bhanc gan speansais a asbhaint?		
m) An bhfuil sé amhlaidh go n-ullmhaítear réitigh bhainc gach mí ar a laghad le haghaidh gach cuntais?		
n) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann beirt athbhreithniú ar na réitigh bhainc?		
o) An bhfuil sé amhlaidh go dtaifeadtar aon neamhréireachtaí i réitigh bhainc agus go réitítear iad ina dhiaidh sin?		
p) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar athbhreithniú ar íocaíochtaí dochair dhírigh, ar bhuanorduithe, ar aistrithe agus ar íocaíochtaí seic ar bhonn míosúil ar a laghad chun a chinntiú go mbíonn siad ceart?		

Rialuithe ar Bhaincéireacht agus Airgead Tirim	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
q) An bhfuil sé amhlaidh gur ar bhonn rialta a thugtar tuairiscí airgeadais agus an t-eolas is deireanaí d'iontaobhaithe ar an iarmhéid airgid thirim ar fáil de chuid an charthanais?		
r) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear liosta de na cuntais bhainc go léir atá ag an gcarthanas?		
s) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear sainorduithe nuashonraithe bainc i leith gach cuntais bhainc agus cárta creidmheasa atá i seilbh an charthanais?		

3.1.2. Íocaíochtaí Seic

Íocaíochtaí Seic	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil beartas doiciméadaithe i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí seic?		
b) An bhfuil údarás tarmligthe doiciméadaithe i bhfeidhm i dtaca leis na daoine a fhéadfaidh seiceanna a shíniú thar ceann an charthanais?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go n-aontaíonn na sínitheoirí tarmligthe leis an sainordú bainc?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go bhfuil beirt sínitheoirí ar a laghad ag teastáil ón sainordú bainc?		
e) An bhfuil cleachtas i bhfeidhm chun a chinntiú nach sínítear seiceanna bána?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear seicleabhair agus nithe eile in áit shlán agus nach dtugtar rochtain orthu ach do dhaoine ainmnithe?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear aon teorainneacha airgeadaíocha ar dhuine aonair atá ag síniú seiceanna, ar aon dul le nósanna imeachta doiciméadaithe?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go dtaifeadtar an caiteachas seic ar fad sa leabhar airgid agus go luaitear uimhir an tseic ábhartha, cineál na híocaíochta agus an t-íocaí ann?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go dtaifeadtar sna réitigh bhainc an caiteachas seic gan íoc?		
j) An bhfuil sé amhlaidh nach sínítear seiceanna ach tar éis fianaise dhoiciméadach a fháil ar chineál na híocaíochta, e.g. sonrasc?		

3.1.3. Dochair Dhíreacha, Buanorduithe agus íocaíochtaí uathoibrithe

Dochair Dhíreacha, Buanorduithe agus íocaíochtaí uathoibrithe	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go ndoiciméadaítear nósanna imeachta le haghaidh gach réimse d'úsáid baincéireachta ar líne agus le haghaidh íocaíochtaí dochair dhírigh, buanorduithe etc. a úsáid?		
b) An bhfuil an bhaincéireacht ar líne atá socraithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta doiciméadaithe?		
c) An bhfuil sé amhlaidh nach dtugtar rochtain ar an mbaincéireacht ar líne ach do na daoine sin a dteastaíonn sé uathu?		
d) An bhfuil liosta ann de gach duine (iontaobhaithe agus baill foirne) ag a bhfuil rochtain cheadaithe ar bhaincéireacht ar líne agus ar údarú aon ríomhíocaíochtaí?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear prionsabal an dé-údaraithe i bhfeidhm maidir le gach athrú atá bainteach le próiseáil ríomhíocaíochtaí (mar shampla, athruithe ar na sonraí cuntais bhainc de chuid soláthraithe, athruithe ar íocaíochtaí dochair dhírigh, ceadú íocaíochtaí iarbhír)?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann an carthanas faireachán ar na socruithe chun a chinntiú go gcealaítear socruithe íocaíochta uathoibríche i gcás nach bhfuiltear ag soláthar na n-earraí agus na seirbhísí don charthanas a thuilleadh?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear ríomhairí pearsanta agus feistí TFC eile de chuid an charthanais slán trí úsáid a bhaint as bogearraí frithvíreas agus earraí frithspiaireachta atá cothrom le dáta agus as balla dóiteáin pearsanta?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear iontaobhaithe agus baill foirne ar an eolas faoin ngá lena chinntiú nach gcuirtear sonraí slándála an charthanais i mbaol (lena n-áirítear an pasfhocal agus an uimhir aitheantais phearsanta, má bhaineann)?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go n-athraítear uimhir aitheantais phearsanta agus pasfhocal ar bith ar bhonn rialta, mar shampla chun maolú a dhéanamh ar an riosca go gcuirfí slándáil i gcontúirt i gcás go scoireann daoine aonair d'obair don charthanas?		

Dochair Dhíreacha, Buanorduithe agus íocaíochtaí uathoibrithe	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
j) An bhfuil sé amhlaidh go nuashonraítear sonraí logála isteach agus pasfhocail le haghaidh baincéireacht ar líne ar bhealach tráthúil i gcás go scoireann daoine aonair d'obair don charthanas?		
k) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas rian iniúchóireachta d'idirbhearta ríomhbhaincéireachta?		
l) An bhfuil sé amhlaidh gur cuireadh oiliúint i saoráidí baincéireachta ar líne a úsáid ar na daoine aonair sin a úsáideann na saoráidí sin?		

3.1.4. Íocaíochtaí Airgid Thirim (más ann dóibh)

Íocaíochtaí Airgid Thirim	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar dianiarracht íocaíochtaí airgid thirim a chosc agus/nó a íoslaghdú?		
b) I gcás go gcoinnítear mionairgead, an bhfuil beartas maidir le mionairgead i bhfeidhm?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go stóráiltear mionairgead in áit shlán?		
d) An bhfuil údarás ainmnithe ann i dtaca le cé a fhéadfaidh mionairgead a rochtain?		
e) An bhfuil sé amhlaidh gur as cúlchnap mionairgid agus nach as airgead tirim isteach a dhéantar gach íocaíocht airgid thirim?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar admhálacha a fháil agus a choinneáil le haghaidh speansais mhionairgid?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go mbíonn doiciméid tacaíochta á n-údarú ag duine nach ionann é agus an duine atá ag coinneáil an mhionairgid ná an duine atá ag déanamh an éilimh?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar réitigh mhionairgid ar bhonn rialta?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go n-iontráiltear i leabhar mionairgid na sonraí faoi gach íocaíocht a dhéantar?		
j) An bhfuil údarás ainmnithe ann i dtaca le cé a fhéadfaidh mionairgead a bhreisiú?		
k) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha neamhspleácha rialta ar an gcúlchnap mionairgid agus ar na taifid atá á gcoinneáil?		

3.1.5. Nósanna imeachta baincéireachta agus íocaíochta: Cistí srianta nó dearlaice

Cistí srianta agus cistí dearlaice	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil an carthanas ag fáil cistí srianta nó cistí dearlaice?		
b) An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú gur trí nósanna imeachta baincéireachta agus íocaíochta a chloítear le srianta ar bith a chuirtear ar úsáid cistí ag na hiontaobhaithe, ag na deontóirí nó trí achomharc?		
c) An bhfuil cóid ar leith socraithe laistigh de chóras airgeadais an charthanais chun a chinntiú gur so-aitheanta chun críche tuairisciú airgeadais agus reachtúil a bhíonn cistí srianta agus/nó cistí dearlaice?		
d) An bhfuil aon ghluaiseachtaí sna cistí sin faoi réir phrionsabal an dé-údaraithe íosta?		

3.1.6. Iasachtaí

Iasachtaí	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas liosta de gach cuntas iasachta atá ann?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go dtacaítear le gach socrú iasachta le comhaontuithe i scríbhinn?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas sonraí faoi na pleananna aisíocaíochta atá i bhfeidhm chun an phríomhshuim agus aon ús a bhíonn dlite a aisíoc?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar réiteach neamhspleách rialta ar gach cuntas iasachta?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar faireachán agus tuairisciú airgeadais leordhóthanach ar gach socrú iasachta (lena n-áirítear iasachtaí idir páirtithe gaolmhara)?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go nochtar go leordhóthanach sna cuntais reachtúla na sonraí faoi gach socrú iasachta, lena n-áirítear aon iasachtaí idir páirtithe gaolmhara (mar shampla, iasachtaí a thugtar d'iontaobhaithe nó do bhainisteoirí an charthanais nó iasachtaí a fhaightear uathu)?		

4 Sócmhainní agus Infheistíochtaí

4.1. Cé na rialuithe ba cheart a bheith i bhfeidhm le haghaidh Sócmhainní agus Infheistíochtaí?

Ba cheart na dearbhuithe seo a leanas a chur ar fáil leis na rialuithe inmheánacha airgeadais le haghaidh sócmhainní (sócmhainní seasta agus stoc laistigh den treoir seo go príomha):

- dearbhú gur féidir sócmhainní a shainaithint;
- dearbhú go bhfuil sócmhainní slán;
- dearbhú go bhfuil sócmhainní faoi árachas leordhóthanach;
- dearbhú go ndéantar sócmhainní a chomhaireamh, a réiteach agus a thaifeadadh go cruinn;
- dearbhú go dtaifeadtar sócmhainní go cruinn i gcóras cuntasaíochta an charthanais; agus
- dearbhú nach n-úsáidtear sócmhainní ach le haghaidh chuspóir sonraithe an charthanais.

Is é is aidhm do na ceisteanna sa seicliosta thíos cabhrú le hiontaobhaithe carthanais, bainisteoirí carthanais agus comhairleoirí na próisis a mheas in aghaidh ceanglais dhlíthiúla agus moltaí dea-chleachtais.

I gcás go dtugtar laigí faoi deara, ba cheart d'iontaobhaithe agus do bhainisteoirí an charthanais iarracht a dhéanamh a rialuithe inmheánacha airgeadais a threisiú chun iad a chur ar chomhréim le haon cheanglais dhlíthiúla atá ann agus leis an treoir dea-chleachtais.

4.1.1. Sócmhainní Seasta

Rialuithe ar Shócmhainní Seasta	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil beartas maidir le sócmhainní seasta i bhfeidhm?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar clár cuimsitheach sócmhainní seasta a choinneáil agus a nuashonrú ar bhonn rialta le haghaidh breiseanna agus diúscairtí?		

Rialuithe ar Shócmhainní Seasta	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
c) An bhfuil sé amhlaidh go réitítear an clár sócmhainní seasta le cuntais an charthanais ar bhonn tréimhsiúil?		
d) An bhfuil tairseach airgeadais i bhfeidhm le haghaidh caiteachas a chaipitliú mar shócmhainn sheasta?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar athbhreithnithe tréimhsiúla ar shócmhainní seasta chun a sheiceáil an bhfuil siad ann nó nach bhfuil agus cén bhail atá orthu?		
f) Nuair is féidir, an bhfuil sé amhlaidh go gcuireann an carthanas clib fhisiceach ar shócmhainní chun cabhrú le rianú agus bainistiú foriomlán na sócmhainní seasta?		
g) An bhfuil diúscairtí sócmhainní seasta faoi réir athbhreithniú foirmiúil agus ceadú (lena n-áirítear diúscairt shlán aon trealaimh TFC)?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar mótarfheithiclí a úsáid agus a bhainistiú de réir threoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim (úsáid feithiclí comhthiomsaithe, mar shampla)?		
i) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar athbhreithniú bliantúil ar shócmhainní seasta (chun a chinntiú go mbíonn an leas is fearr á bhaint astu agus go mbíonn siad ag freastal ar leasanna an charthanais)?		
j) An bhfuil socruithe leordhóthanacha árachais i bhfeidhm le haghaidh gach cineáil sócmhainne seasta?		
k) An bhfuil sé amhlaidh go ndímheastar sócmhainní seasta de réir bheartas an charthanais?		
l) An bhfuil sé amhlaidh go nochtar go leordhóthanach sna cuntais reachtúla sonraí faoi gach aicme sócmhainne atá i seilbh an charthanais (lena n-áirítear beartas cuntasaíochta, costas/luacháil, dímheas, glanluach leabhar agus aon bhreithniúcháin pháirtithe gaolmhara)?		

4.1.2. Stoc

Rialuithe ar Stoc	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas liosta stoic chun luachanna agus suíomh an stoic a thaifeadadh agus a shainaithint?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha foirmiúla agus taifeadadh ar earraí a fhaightear (lena n-áirítear earraí deonaithe)?		
c) Nuair is féidir, an bhfuil sé amhlaidh go ndéantar leithscaradh leordhóthanach dualgas maidir le stoc a fháil, a eisiúint, a thaifeadadh agus a chosaint?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go gcoinnítear earraí in áit shlán?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar seiceálacha tréimhsiúla ar cé acu atá nó nach bhfuil stoc ann agus ar an mbail atá air?		
f) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar comhaireamh stoic agus luacháil stoic ar stoic ábhartha ar bhonn tréimhsiúil agus/nó ag deireadh na bliana sna suíomhanna go léir?		

4.1.3. Infheistíochtaí

Infheistíochtaí	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil beartas ceadaithe infheistíochta i bhfeidhm ag an gcarthanas?		
b) I gcás go gcoinnítear infheistíochtaí, an bhfuil sé amhlaidh go dtacaítear le gach infheistíocht le comhaontuithe i scríbhinn ionas gurb eol an teideal go soiléir?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht infheistíochtaí?		
d) An bhfuil sé amhlaidh go n-iarrtar comhairle ghairmiúil, nuair is cuí, nuair atáthar ag roghnú nó ag diúscairt infheistíochtaí?		
e) An bhfuil sé amhlaidh go ndéantar gach cuntas infheistíochta a mhíniú, a réiteach agus a athbhreithniú go neamhspleách ar bhonn leordhóthanach chun críche tuairisciú airgeadais agus reachtúil ag deireadh na bliana?		

5 Socruithe faireacháin

Anuas ar bhreithniú a dhéanamh ar rialuithe a bhfuil mar aidhm leo na réimsí aonair atá leagtha amach thuas a bhainistiú, ba cheart d'iontaobhaithe rialuithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena dtugtar dearbhú dóibh go bhfuil córas láidir le haghaidh riosca airgeadais a bhainistiú i bhfeidhm sa charthanas. Cuid dhílis den chuspóir sin is ea faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí airgeadais. Chomh maith leis sin, cabhraíonn an faireachán sin le hiontaobhaithe cuid thábhachtach dá n-oibleagáidí rialachais a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

5.1.1 Socruithe faireacháin

Socruithe faireacháin	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
a) An bhfuil buiséad airgeadais ceadaithe i bhfeidhm ag an gcarthanas roimh gach bliain airgeadais?		
b) An bhfuil sé amhlaidh go bhfaigheann na hiontaobhaithe[4] tuairisciú airgeadais ag gach cruinniú iontaobhaithe, ar tuairisciú é ina dtugtar mionsonraí faoi fheidhmíocht agus staid airgeadais an charthanais?		
c) An bhfuil sé amhlaidh go n-áirítear tuairisciú ar na nithe seo a leanas leis an bhfaisnéis tuairiscithe airgeadais: - - na cuntais bhainistíochta is déanaí; - comparáid idir an buiséad agus na torthaí airgeadais iarbhír; - míniúcháin ar na difríochtaí idir na torthaí airgeadais buiséadaithe agus na torthaí airgeadais iarbhír; agus - sonraí faoi ghluaiseachtaí airgid thirim, lena n-áirítear iarmhéideanna bainc, infheistíochta agus iasachta deiridh.		
d) An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann na hiontaobhaithe athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha airgeadais?		

4 D'fhéadfadh go dtarmligfí é chuig fochoiste de chuid an Bhoird (fochoiste iniúchóireachta nó fochoiste airgeadais, mar shampla) a oibríonn faoi théarmaí sonracha tagartha

Socruithe faireacháin	Tá / Níl / N/B	Nóta Tráchta / Gníomh ag Teastáil?
e) Faoi réir méide, scála agus castachta, an bhfuil sé amhlaidh go gcoinníonn an carthanas coiste iniúchóireachta (a oibríonn faoi théarmaí sonracha tagartha) chun an caidreamh leis an iniúchóir seachtrach a bhainistiú?		
f) Faoi réir méide, scála agus castachta, an bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí a thuairiscíonn don choiste iniúchóireachta i bhfeidhm ag an gcarthanas?		
g) An bhfuil sé amhlaidh go gceadaíonn na hiontaobhaithe na cuntais reachtúla go foirmiúil ag cruinniú bliantúil?		
h) An bhfuil sé amhlaidh go gcuireann na hiontaobhaithe an tuarascáil bhliantúil faoi bhráid na gcomhlachtaí ábhartha in am (lena n-áirítear na ceanglais atá orthu tuairisciú don Rialálaí Carthanas gach bliain)?		

6 Tagairtí Breise

Treoirdhoiciméid:

Tá treoirdhoiciméid ina bpléitear roinnt topaicí ábhartha do charthanais á bhforbairt ag an Rialálaí Carthanas faoi láthair. Cuirfear na treoirdhoiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas ag www.charitiesregulator.ie

Nasc chuig treoir maidir le ceanglais tuairiscithe bhliantúil:

https://www.charitiesregulatoryauthority.ie/en/CRA/Annual%20Reporting%20User%20Guide%2026%2008%202016.pdf/Files/Annual%20Reporting%20User%20Guide%2026%2008%202016.pdf

Nasc chuig an rannán do charthanais ar shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim:

http://www.revenue.ie/en/companies-and-charities/charities-and-sports-bodies/index.aspx

Naisc chuig suíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus suíomh Gréasáin Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) le haghaidh ceanglais tuairiscithe ar chuideachtaí

https://www.cro.ie/Annual-Return/Overview
http://www.odce.ie/en-gb/faq/annualfinancialstatements.aspx

Nasc chuig an reachtaíocht maidir le ceadanna bailithe

http://www.irishstatutebook.ie/eli/1962/si/134/made/en/print

Nasc chuig sorp.org:

http://www.charitysorp.org/

Uimhir Thagartha an Doiciméid
CE GLS 08.2.1 001 Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1 D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulatoryauthority.ie

© An Rialálaí Carthanas 2017